Uisce Éireann sa nuacht arís

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chonspóid eile airgid a bhaineann leis an gcomhlacht *Uisce Éireann*. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cén fáth a bhfuil *Uisce Éireann* sa nuacht an-mhinic ar fad na laethanta seo?
2. Ar cheart íoc as uisce, dar leat? Cén fáth?
3. Cad a cheapann tú faoi na léirsithe in éadan an rialtais faoi láthair?

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

Chief Executive	_____
quotations/estimates	_____
put in good working order	_____
the opposition	_____
predicted	_____
offers/ bids	_____
costings	_____
contractors	_____
getting rid of shares	_____
wanted	_____
that money is wasted	_____
demonstrations	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Bhain an Seanadóir, Thomas Byrne, úsáid as na teidil seo i mBéarla. An féidir leat féin na teidil chearta a chumadh i nGaeilge, ag úsáid na bhfocal atá idir lúibíní? Beidh ort na focail a chur in ord agus cuid de na focail a athrú.

(Cuntas) (an) (Poiblí) (um) (Coiste)

_____

(Cuntas) (agus) (tArd-Reachtaire) (an) (Ciste)

_____

Ceist 4 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a raibh *Uisce Éireann* agus *Ervia* ar RTÉ inniu?
2. Cad a dúirt na daoine seo a leanas faoin scéal?

Michael McNicholas
Thomas Byrne
Aengus Ó Snodaigh

Ceist 5 *An Aimsir Chaite*

A. Cuir líne faoi gach sampla den bhriathar saor, aimsir chaite sa sliocht. Cum ceisteanna leis na briathra sin chun cur ar an duine in aice leat. Mar shampla:

An ndearnadh aon dochar do thiománaí an bhus sa timpiste?
Rinneadh / ní dhearnadh

B. Anois, cuir líne faoi gach sampla eile den aimsir chaite sa sliocht agus cum ceisteanna leis na briathra sin chun cur ar an duine in aice leat. Mar shampla:

Ar bhain tú úsáid as an aip ***Get the focal*** *riamh?*
Bhain / níor bhain

Áine Lally
Rinne Príomhfheidhmeannach *Ervia*, an comhlacht ar leis *Uisce Éireann*, cosaint ar na meastacháin a bhain leis na méadair uisce a chur i bhfearas. Chosain an obair breis is céad milliún euro níos mó ná mar a measadh ar dtús. Deir an freasúra gur chóir an scéal a fhiosrú.

Caoimhe Ní Chonchoille
Inné ar chlár raidió RTÉ, *This Week*, tugadh le fios gur cúig chéad tríocha naoi milliún euro a chosain sé méadair *Uisce Éireann* a chur isteach. Céad is a seacht milliún euro níos mó ná an figiúr a bhí tuartha ag *Bord Gáis* ar dtús agus a tugadh don Roinn Comhshaoil. Inniu dúirt Príomhfheidhmeannach *Ervia* nach figiúr deiridh a bhí san fhigiúr a tugadh ar dtús agus nach dtiocfadh le *Bord Gáis* meastachán níos cruinne a thabhairt go dtí go mbeadh na tairiscintí seolta agus na costálacha faighte ar ais ó chonraitheoirí. Thug Michael McNicholas le fios fosta go raibh sé ag éirí as mar chomhairleoir do Bhord an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus ag fáil réidh le scaireanna atá aige sa chomhlacht sin.

Dúirt an Taoiseach tráthnóna go raibh Michael McNicholas soiléir inniu faoin difear idir meastachán agus tairiscint fhoirmeálta, ach tá tuilleadh freagraí a dhíth ar an fhreasúra.

Ceist 6 '…ró-íséal…'

Cuir na réimíreanna ***ró-*** agus ***an-*** roimh na focail seo thíos:

úsáid
sásta
maith
olc
crua
deacair

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

Chief Executive	*Príomhfheidhmeannach*
quotations/estimates	*measatacháin*
put in good working order	*a chur i bhfearas*
the opposition	*an freasúra*
predicted	*tuartha*
offers/bids	*tairiscintí*
costings	*costálacha*
contractors	*conraitheoirí*
getting rid of shares	*ag fáil réidh le scaireanna*
wanted	*a dhíth/ de dhíth*
that money is wasted	*tá an t-airgead sin curtha amú*
demonstrations	*léirsithe*

Ceist 3
An Coiste um Chuntais Phoiblí
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceist 4
Féach an script.

Ceist 5
A.
(1) Ar measadh? Measadh / Níor measadh
(2) Ar tugadh? Tugadh / Níor tugadh

B.
(1) An ndearna? Rinne/ Ní dhearna
(2) Ar bhain? Bhain / Níor bhain
(3) Ar chosain? Chosain / Níor chosain
(4) An raibh? Bhí / Ní raibh
(5) An ndúirt? Dúirt / Ní dúirt
(6) Ar thug? Thug / Níor thug

Ceist 6

úsáid:	an-úsáid / ró-úsáid
sásta:	an-sásta / róshásta
maith:	an-mhaith / rómhaith
olc:	an-olc / ró-olc
crua:	an-chrua / róchrua
deacair:	an-deacair / ródheacair

Áine Lally
Rinne Príomhfheidhmeannach *Ervia*, an comhlacht ar leis *Uisce Éireann*, cosaint ar na meastacháin a bhain leis na méadair uisce a chur i bhfearas. Chosain an obair breis is céad milliún euro níos mó ná mar a measadh ar dtús. Deir an freasúra gur chóir an scéal a fhiosrú.

Caoimhe Ní Chonchoille
Inné ar chlár raidió RTÉ, *This Week*, tugadh le fios gur cúig chéad tríocha naoi milliún euro a chosain sé méadair *Uisce Éireann* a chur isteach. Céad is a seacht milliún euro níos mó ná an figiúr a bhí tuartha ag *Bord Gáis* ar dtús agus a tugadh don Roinn Comhshaoil. Inniu dúirt Príomhfheidhmeannach *Ervia* nach figiúr deiridh a bhí san fhigiúr a tugadh ar dtús agus nach dtiocfadh le *Bord Gáis* meastachán níos cruinne a thabhairt go dtí go mbeadh na tairiscintí seolta agus na costálacha faighte ar ais ó chonraitheoirí. Thug Michael McNicholas le fios fosta go raibh sé ag éirí as mar chomhairleoir do Bhord an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus ag fáil réidh le scaireanna atá aige sa chomhlacht sin.

Dúirt an Taoiseach tráthnóna go raibh Michael McNicholas soiléir inniu faoin difear idir meastachán agus tairiscint fhoirmeálta, ach tá tuilleadh freagraí a dhíth ar an fhreasúra.

An Seanadóir Thomas Byrne, Fianna Fáil
Ní hamháin go raibh an meastachán ró-íseal ach an t-airgead atá caite ansin tá sé… go díreach caite faoin talamh agus is uafásach an rud sin. Tá na méadair istigh, curtha isteach[1] agus tá conarthaí ansin chun níos mó a chur isteach agus tá an t-airgead sin curtha amú. Agus, is scannal é sin agus ceapaim.., ceapann muidne gur chóir iniúchadh iomlán a bheith ag b'fhéidir sa PAC[2] anseo sa Dáil nó b'fhéidir ag an *Controller and Auditor General*[3] maidir leis seo agus caithfidh gach conradh a bheith scrúdaithe chun an fhírinne a fháil amach don phobal.

Aengus Ó Snodaigh TD, Sinn Féin
An rud atá léirithe uaidh seo, nach dtuigeann an dream atá i gceannas ar *Uisce Éireann* conas an córas a rith nó conas meastachán a dhéanamh ar aon bhealach in aon chor. Is scannal é agus ba chóir go mbeadh daoine ag éirí as a bpoist[4].

Idir an dá linn níl deireadh leis na léirsithe i gcoinne na dtáillí uisce. Chruinnigh tuairim is tríocha léirsitheoir taobh amuigh de choláiste i Luimneach, áit a raibh an tAire Oideachais, Jan O'Sullivan, ag freastal ar ócáid ar maidin.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

[1] *istigh* a deirtear
[2] *an Coiste um Chuntais Phoiblí* atá i gceist
[3] *an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste* atá i gceist
[4] *a phost* a deirtear